Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2017
(OR. en)

13570/17

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0130 (COD)**

CODEC 1654
SOC 673
EMPL 516
SAN 371
IA 160
PE 80

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE ar chosaint oibrithe ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair<br>- Toradh chéad léamh Pharlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, 23 go 26 Deireadh Fómhair 2017) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an sainchomhad seo ar an gcéad léamh, agus an gá a bheadh leis an dara léamh agus le hidir-réitigh a sheachaint ar an gcaoi sin.

Sa chomhthéacs sin, chuir an rapóirtéir, Marita ULVSKOG (S&D, SE) leasú comhréitigh amháin (leasú 54) ar an togra le haghaidh Treorach i láthair, thar ceann an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta. Comhaontaíodh an leasú sin le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch.5

## II. VÓTÁIL

Tráth ar caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach ar an 25 Deireadh Fómhair 2017, glacadh an leasú comhréitigh (leasú 54) ar an togra le haghaidh Treorach. Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh atá ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[2].

Léirítear le seasamh na Parlaiminte an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh na Parlaiminte a fhormheas.

Ansin, ghlacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Parlaiminte.

---

[2] Rinneadh an leagan de sheasamh na Parlaiminte sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a rinneadh leis na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Aon rud a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún, léirítear é i ***gcló trom agus i gcló iodálach***. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail " ▌ ".

## P8_TA-PROV(2017)0410

## Oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2017 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (COM(2016)0248 – C8-0181/2016 – 2016/0130(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2016)0248),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 153(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0181/2016),

– ag féachaint do thuairim an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir leis an mbunús dlíthiúil atá beartaithe,

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 21 Meán Fómhair 2016[1]

tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle ina litir an 11 Iúil 2017 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, de réir Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 agus do Riail 39 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A8-0064/2017),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú go suntasach;

---

[1] IO C 487, 28.12.2016, lch. 113.

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P8_TC1-COD(2016)0130**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 25 Deireadh Fómhair 2017 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2017/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (b) d'Airteagal 153(2)***, i gcomhar le pointe (a) d'Airteagal 153***(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

[1] IO C 487, 28.12.2016, lch. 113.

[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2017.

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do ***Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[1] oibrithe a chosaint ar rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht as nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ar an láthair oibre***. Sa Treoir sin, déantar foráil maidir le leibhéal comhsheasmhach cosanta ar na rioscaí a bhaineann le carcanaiginí agus le só-ghineacha i gcreat de phrionsabail ghinearálta ionas gur féidir leis na Ballstáit cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gceanglas íosta a áirithiú. I dtaca leis na socruithe ginearálta maidir le cosaint oibrithe a bunaíodh faoin Treoir sin, is gnéithe tábhachtacha díobh sin na teorainnluachanna ceangailteacha um nochtadh ceirde a bunaíodh*** ar [redacted] bhonn na ***faisnéise*** infhaighte, ***lena n-áirítear*** sonraí eolaíocha agus teicniúla***, indéantacht eacnamaíoch, measúnú críochnúil ar an tionchar socheacnamaíoch agus infhaighteacht prótacal agus teicnící maidir le nochtadh a thomhas ag an láthair oibre. Is é is aidhm do na ceanglais íosta dá bhforáiltear sa Treoir sin cosaint a thabhairt, ar leibhéal an Aontais, d'oibrithe. Is féidir leis na Ballstáit teorainnluachanna níos déine um nochtadh ceirde a leagan síos***.

---

[1] ***Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le risíocht le carcanaiginí nó só-ghineacha ag an láthair oibre (An séú Treoir aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).***

*(2) Is cuid de bhainistiú riosca faoi Threoir 2004/37/CE na teorainnluachanna um nochtadh ceirde. Tá comhlíonadh na dteorainnluachanna sin gan dochar do na ceanglais eile a leagtar ar fhostóirí de bhun na Treorach sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáid carcanaiginí agus só-ghineacha ar an láthair oibre a laghdú, le nochtadh na n-oibrithe do charcanaiginí nó do shó-ghineacha a chosc nó a laghdú, agus leis na bearta ba cheart a chur chun feidhme chun na críche sin. Ach é a bheith indéanta go teicniúil, ba cheart a áireamh ar na bearta sin athsholáthar na carcanaigine nó an tsó-ghinigh ag substaint, ag meascán nó ag próiseáil nach contúirteach nó is lú contúirt do shláinte na n-oibrithe, úsáid córais dhúnta, nó bearta eile arb é is aidhm dóibh leibhéal nochta na n-oibrithe a laghdú. Sa chomhthéacs sin, tá sé bunriachtanach go gcuirfí prionsabal an réamhchúraim san áireamh i gcás inarb ann d'éiginnteacht.*

*(3) I dtaca le formhór na gcarcanaiginí agus na só-ghineach, ní féidir, ó thaobh na heolaíochta de, leibhéil a shainaithint nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha ann i gcás nochtadh ar leibhéal atá faoina mbun. Bíodh is nach féidir na rioscaí do shláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe as nochtadh do charcanaiginí agus só-ghineacha ag an obair (i.e. riosca iarmharach) a dhísciú trí theorainnluachanna a leagan síos don láthair oibre de bhun na Treorach seo, ní beag an cúnamh sin, mar sin féin, mar go laghdaítear go mór na rioscaí a eascraíonn ó nochtadh dá leithéid sin, a bhuí leis an gcur chuige céim ar chéim agus cuspóir-dhírithe de bhun Threoir 2004/37/CE. I dtaca le carcanaiginí agus só-ghineacha eile, is féidir, ó thaobh na heolaíochta de, leibhéil a shainaithint nach mbeifear ag súil le héifeachtaí díobhálacha i gcás nochtadh ar leibhéal atá faoina mbun.*

(4) *I dtaca le huasleibhéil do nochtadh oibrithe do charcanaiginí áirithe nó do shó-ghineacha áirithe, is le luachanna a bhunaítear iad agus, de bhun Threoir 2004/37/CE, ní ceadmhach na luachanna sin a shárú. Ba cheart na teorainnluachanna sin a athbhreithniú agus ba cheart teorainnluachanna a leagan síos maidir le carcanaiginí breise agus só-ghineacha breise.*

(5) *Ar bhonn na dtuarascálacha cur chun feidhme a chuireann na Ballstáit isteach gach cúig bliana de bhun Airteagal 17a de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle[1], tá an Coimisiún le meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chreata dhlíthiúil maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde, lena n-áirítear Treoir 2004/37/CE, agus, i gcás inar gá, cuirfidh sé na hinstitiúidí ábhartha agus an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH) ar an eolas faoi thionscnaimh chun oibriú an chreata sin a fheabhsú, lena n-áirítear, i gcás inar gá, tograí iomchuí reachtacha.*

(6) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh, i gcás inar gá sin, ar na teorainnluachanna ***a leagtar amach sa Treoir seo i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí*** eolaíocha ***agus teicniúla nua agus dea-chleachtais fhianaise-bhunaithe, teicnící fianaise-bhunaithe agus prótacail fhianaise-bhunaithe maidir le leibhéil nochta a thomhas ar an láthair oibre. Ba cheart a áireamh ar an bhfaisnéis sin, más féidir, sonraí maidir le rioscaí iarmharacha do shláinte na n-oibrithe agus na tuairimí ón gCoiste Eolaíoch um Theorainneacha Nochta Ceirde (SCOEL) agus ón ACSH. I dtaca le faisnéis a bhaineann le riosca iarmharach agus a chuirtear ar fáil go poiblí ar leibhéal an Aontais, ní beag an éadáil sin i ndáil lena ndéanfar amach anseo ar mhaithe le teorainn a chur leis na rioscaí a eascraíonn ón nochtadh ceirde do charcanaiginí agus do shó-ghineacha, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar na teorainnluachanna a leagtar amach sa Treoir seo. Ba cheart trédhearcacht faisnéise den sórt sin a spreagadh tuilleadh***.

---

[1] ***Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1)***

*(7) Mar gheall ar an easpa sonraí comhsheasmhacha maidir le nochtadh do shubstaintí, is gá oibrithe nochta nó oibrithe atá i mbaol a nochta a chosaint trí fhaireachas ábhartha sláinte a fhorfheidhmiú. Dá bhrí sin, maidir le faireachas iomchuí sláinte ar oibrithe a nochtann torthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Threoir 2004/37/CE riosca dá sláinte nó dá sábháilteacht, ba cheart an deis a bheith ann leanúint den fhaireachas sin i ndiaidh deireadh teacht leis an nochtadh tar éis don dochtúir nó don údarás atá freagrach as an bhfaireachas sláinte léiriú a thabhairt. Ba cheart faireachas den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta nó le cleachtas náisiúnta na mBallstát. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 14 de Threoir 2004/37/CE a leasú chun faireachas sláinte den sórt sin a áirithiú do na hoibrithe uile lena mbaineann.*

*(8) Is gá do na Ballstáit sonraí a bhailiú ó fhostóirí ar bhealach iomchuí comhsheasmhach chun sábháilteacht agus cúram cuí na n-oibrithe a áirithiú. Tá na Ballstáit le faisnéis a chur ar fáil don Choimisiún chun críocha a thuarascálacha ar chur chun feidhme Threoir 2004/37/CE. Mar atá, tacaíonn an Coimisiún le dea-chleachtas i ndáil le bailiú sonraí sna Ballstáit agus ba cheart dó tuilleadh feabhsuithe a mholadh, de réir mar is iomchuí, ar an mbailiú sonraí a cheanglaítear de bhun Threoir 2004/37/CE.*

***(9) Faoi Threoir 2004/37/CE ceanglaítear ar fhostóirí úsáid a bhaint as nósanna imeachta iomchuí atá ann cheana maidir le leibhéil nochta do charchanaigíní agus do shó-ghineacha ar an láthair oibre a thomhas, agus é á chur san áireamh acu go luann SCOEL ina chuid moltaí a indéanta atá sé faireachán a dhéanamh ar nochtadh ag aon cheann de na teorainnluachanna um nochtadh ceirde a mholtar agus ag teorainnluachanna bitheolaíocha. Maidir le feabhas a chur ar choibhéis na modheolaíochtaí i ndáil le tiúchan carcanaiginí agus só-ghineacha san aer a thomhas i dtaca le teorainnluachanna a leagtar amach i dTreoir 2004/37/CE, tá sé tábhachtach chun na hoibleagáidí dá bhforáiltear inti a atreisiú agus chun ardleibhéal comhchosúil cosanta sláinte d'oibrithe agus cothrom na féinne a áirithiú ar fud an Aontais.***

***(10) Is iad na leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE dá bhforáiltear sa Treoir seo na chéad chéimeanna i bpróiseas fadtéarmach chun í a thabhairt cothrom le dáta. Mar an chéad chuid eile den phróiseas sin, thíolaic an Coimisiún togra maidir le teorainnluachanna agus nodaireachtaí craicinn a bhunú i dtaca le seacht gcinn de charcanaiginí breise. Thairis sin, ina Theachtaireacht an 10 Eanáir 2017 dar teideal "Safer and Healthier Work for All - Modernisation of the EU Occupational Safety and Health Legislation and Policy" [Obair níos Sábháilte agus níos Folláine do Chách - Nuachóiriú ar Reachtaíocht agus ar Bheartas an Aontais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde], dúirt an Coimisiún go bhfuil leasuithe breise le bheith ann ar Threoir 2004/37/CE. Ba cheart don Choimisiún leanúint dá chuid oibre ar Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE a nuashonrú amach anseo ar bhonn leanúnach, agus sin i gcomhréir le hAirteagal 16 di agus leis an gcleachtas seanbhunaithe. Is éard ba cheart a bheith mar thoradh ar an obair sin, i gcás inarb iomchuí, moltaí maidir le hathbhreithniú a dhéanamh amach anseo ar na teorainnluachanna atá leagtha amach i dTreoir 2004/37/CE agus sa Treoir seo, mar aon le moltaí maidir le teorainnluachanna breise.*** ▌

(11) Is gá breithniú a dhéanamh ar chonairí ionsúcháin eile i gcás na gcarcanaiginí agus na só-ghineacha ***uile***, lena n-áirítear go bhféadfaidís dul tríd an gcraiceann, chun an leibhéal cosanta féideartha is fearr a áirithiú.

(12) Cuidíonn SCOEL leis an gCoimisiún, go háirithe leis na sonraí eolaíocha is nuaí dá bhfuil ar fáil ***a shainaithint,*** a mheas ***agus a anailísiú go mion***, agus le teorainnluachanna um nochtadh ceirde a mholadh ar mhaithe le hoibrithe a chosaint ar rioscaí ceimiceacha, atá le leagan síos ar leibhéal an Aontais de bhun Threoir 98/24/CE ón gComhairle[1] agus Threoir 2004/37/CE. ***Maidir leis*** na hoibreáin cheimiceacha o-tolúidín agus 2-nitreaprópán, in 2016, ní raibh aon mholadh ó SCOEL ar fáil agus dá bhrí sin, cuireadh san áireamh foinsí eile faisnéise eolaíche, ar foinsí iad ar leordhóthain a stóinseacht agus atá san fhearann poiblí.

---

1 Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 05.05.1998, lch. 11).

(13) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na teorainnluachanna do mhonaiméir de chlóiríd vinile agus do dheannaigh chrua-adhmaid a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE, i bhfianaise ***sonraí*** eolaíocha ***agus teicniúla*** níos nuaí. ***Ba cheart an t-idirdhealú idir deannach crua-adhmaid agus deannach bogadhmaid a mheasúnú tuilleadh a mhéid a bhaineann sé leis an teorainnluach a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, faoi mar a mhol SCOEL agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse.***

***(14) Tá nochtadh measctha do níos mó ná speiceas amháin adhmaid coitianta go maith, rud a dhéanann an measúnú ar nochtadh do speicis éagsúla adhmaid níos casta. Tá nochtadh do dheannach ó bhogadhmad agus ó chrua-adhmad coitianta i measc oibrithe san Aontas agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le siomptóim riospráide agus le galair riospráide, agus is é an éifeacht is tromchúisí ar an tsláinte an riosca ailsí sróine agus cuas-sróine. Is iomchuí a shuí, dá bhrí sin, i gcás ina measctar deannaigh chrua-adhmaid le deannaigh adhmaid eile, gur cheart feidhm a bheith ag an teorainnluach a leagtar amach san Iarscríbhinn le haghaidh deannach crua-adhmaid maidir leis na deannaigh adhmaid uile atá sa mheascán sin.***

(15) Sásaíonn comhdhúile áirithe de chuid cróimiam (VI) na critéir lena gcur in aicme charcanaigineach (catagóir 1A nó 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus, dá bhrí sin, is carcanaiginí iad de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a shocrú do na comhdhúile cróimiam VI seo ar carcanaiginí iad de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do na comhdhúile cróimiam sin (VI).

---

**1** Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

***(16)*** ***Maidir le króimiam VI, d'fhéadfadh sé nach iomchuí teorainnluach de 0.005 mg/m³ agus, i roinnt earnálacha, d'fhéadfadh sé gur deacair an rud é a ghnóthú sa ghearrthéarma. Ba cheart, dá bhrí sin, idirthréimhse a thabhairt isteach ar lena linn ba cheart feidhm a bheith ag an teorainnluach de 0.010 mg/m³. Maidir leis an gcás sonrach ina mbaineann an ghníomhaíocht oibre le hobair lena mbaineann próisis táthúcháin nó próisis gearrtha plasma nó próisis atá cosúil leo sin agus a ghineann múch, ba cheart feidhm a bheith ag teorainnluach de 0.025 mg/m³ le linn na hidirthréimhse sin, agus ba cheart feidhm a bheith ag an teorainnluach de 0.005 mg/m³ is infheidhme go ginearálta ina diaidh.***

(17) Sásaíonn snáithíní ceirmeacha teasfhulangacha áirithe na critéir lena gcur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaiginí iad de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos do shnáithíní ceirmeacha teasfhulangacha ar carcanaiginí iad de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do na snáithíní ceirmeacha teasfhulangacha sin.

(18) Tá dóthain fianaise ann maidir le carcanaigineacht an deannaigh silice criostalta inanálaithe. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, ba cheart teorainnluach a bhunú le haghaidh deannach silice criostalta inanálaithe. Níl deannach silice criostalta inanálaithe a ghintear trí phróiseas oibre faoi réir aicmiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 Dá bhrí sin, is iomchuí obair lena mbaineann nochtadh do dheannach silice criostalta inanálaithe a ghintear trí phróiseas oibre a chur san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE agus teorainnluach a bhunú le haghaidh deannach silice criostalta inanálaithe ('codán inanálaithe')***, agus ba cheart an teorainnluach sin a bheith faoi réir athbhreithnithe, go háirithe i bhfianaise an lín oibrithe a nochtar.***

(19) D'fhonn bearta rialála a chomhlánú agus go háirithe d'fhonn tacú le cur chun feidhme éifeachtach na dteorainnluachanna, is ionstraimí luachmhara ***agus riachtanacha*** iad treoirlínte agus ***samplaí de*** dhea-chleachtais ***a chuireann an Coimisiún, na Ballstáit nó na comhpháirtithe sóisialta ar fáil, mar aon le*** tionscnaimh ***eile*** amhail an tIdirphlé Sóisialta dar teideal "Agreement on Workers' Health Protection Through the Good Handling and Use of Crystalline Silica and Products Containing it" (NEPSi) ***agus ba cheart, dá bhrí sin,***

***dianmhachnamh a dhéanamh orthu. Áirítear orthu sin bearta chun an nochtadh a chosc nó a íoslaghdú amhail sochtadh le cúnamh ó uisce chun deannach a chosc ó dhul san aer i gcás deannach silice criostalta inanálaithe.***

(20) Sásaíonn ocsaíd eitiléine na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos don charcanaigin sin. Shainaithin SCOEL an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás ocsaíd eitiléine. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú d'ocsaíd eitiléine agus nodaireacht a shannadh di ina léireofar an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach tríd an gcraiceann.

(21) Sásaíonn 1,2-eapocsaprópán na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir leibhéal nochta a shainaithint nach mbeifear ag súil le héifeachtaí díobhálacha i gcás nochtadh don charcanaigin sin ar leibhéal atá faoina bhun. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do 1,2-eapocsaprópán.

(22) Sásaíonn aicriolaimíd na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos don charcanaigin sin. Shainaithin SCOEL an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás aicriolaimíde. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú d'aicriolaimíd agus nodaireacht a shannadh di ina léireofar an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach tríd an gcraiceann.

(23) Sásaíonn 2-nitreaprópán na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos don charcanaigin sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do 2-nitreaprópán.

(24) Sásaíonn o-tolúidín na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos don charcanaigin sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do o-tolúidín ***agus nodaireacht a shannadh dó ina léireofar an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach tríd an gcraiceann***.

(25) Sásaíonn 1,3-bútaidhé-éin na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1A) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos don charcanaigin sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do 1,3-bútaidhé-éin.

(26) Sásaíonn hiodraisín na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos don charcanaigin sin. Shainaithin ***SCOEL*** an fhéidearthacht go dtarlódh tógáil shuntasach tríd an gcraiceann i gcás hiodraisín. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do hiodraisín agus nodaireacht a shannadh dó ina léireofar an fhéidearthacht maidir le tógáil shuntasach tríd an gcraiceann.

(27) Sásaíonn bróiméitiléin na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluach a leagan síos don charcanaigin sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do bhróiméitiléin.

(28) Neartaítear cosaint sláinte ***agus sábháilteacht na n-oibrithe ina láthair oibre*** leis an ***Treoir*** seo. ***Ba cheart do na Ballstáit an Treoir seo a thrasuí ina ndlí náisiúnta. Ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil dóthain ball foirne oilte agus acmhainní eile atá riachtanach ag na húdaráis inniúla chun dul i gceann na gcúraimí atá orthu maidir le cur chun feidhme cuí agus éifeachtach na Treorach seo, agus sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta. Is fearr a d'fhéadfadh fostóirí gabháil de chur i bhfeidhm na Treorach seo dá dtabharfaí treoir dóibh, i gcás inarb ábhartha, chun bealaí níos fearr a shainaithint maidir leis an Treoir seo a chomhlíonadh.***

(29) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an ACSH. Chomh maith leis sin, rinne sé comhairliúchán dhá chéim leis ***an mbainistíocht agus leis an lucht saothair*** ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 154 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

***(30) Sna tuairimí a thug sé, thagair an ACSH do thréimhse athbhreithnithe le haghaidh teorainnluachanna ceangailteacha um nochtadh ceirde i gcás roinnt substaintí, amhail deannach silice criostalta inanálaithe, aicriolaimíd agus 1,3-bútaidhé-éin. Tá an Coimisiún leis na tuairimí sin a chur san áireamh agus substaintí á gcur in ord tosaíochta aige chun meastóireacht eolaíoch a dhéanamh orthu.***

***(31) Sa tuairim a thug sé maidir le snáithíní ceirmeacha teasfhulangacha, chomhaontaigh ACSH go bhfuil gá le teorainnluach ceangailteach um nochtadh ceirde ach níor éirigh leis teacht ar chomhsheasamh maidir le tairseach. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, ACSH a spreagadh le tuairim atá cothrom le dáta maidir le snáithíní ceirmeacha teasfhulangacha a thíolacadh d'fhonn teacht ar chomhsheasamh maidir leis an teorainnluach don tsubstaint sin, gan dochar do mhodhanna oibre ACSH ná d'uathriail na gcomhpháirtithe sóisialta.***

*(32)* ***Is minic a nochtar fir agus mná do mhanglam substaintí ag an láthair oibre, rud a fhéadann rioscaí sláinte a mhéadú agus a fhéadann a bheith ina chúis le héifeachtaí díobhálacha, inter alia, ar chóras atáirgthe na bhfear agus na mban sin, lena n-áirítear torthúlacht lagaithe nó neamhthorthúlacht, agus a fhéadann tionchar diúltach a imirt ar fhorbairt féatais agus ar lachtadh. Maidir le substaintí, atá tocsaineach don atáirgeadh, tá siad faoi réir bhearta an Aontais lena bhforáiltear do cheanglais íosta maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint, go háirithe iad sin dá bhforáiltear i dTreoir 98/24/CE agus i dTreoir 92/85/CEE ón gComhairle[1]. Maidir leis na substaintí sin atá tocsaineach don atáirgeadh agus ar carcanaiginí nó*** só-ghineacha ***iad chomh maith, tá siad faoi réir fhorálacha Threoir 2004/37/CE. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le cur i bhfeidhm na mbeart maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint dá bhforáiltear i dTreoir 2004/37/CE a leathnú chun gach substaint atá tocsaineach don atáirgeadh a chumhdach.***

(33) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus ***cloítear leis na*** prionsabail a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart chun beatha agus an ceart chun dálaí oibre cothroma agus córa dá bhforáiltear, faoi seach, in ***Airteagal 2 agus*** Airteagal 31 de.

(34) ***D'fhonn oibrithe a chosaint go héifeachtach***, déanfar athbhreithniú leanúnach ar na teorainnluachanna a leagtar amach sa Treoir seo i bhfianaise chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], go háirithe d'fhonn an idirghníomhaíocht idir teorainnluachanna a leagtar amach i dTreoir 2004/37/CE agus leibhéil dhíorthaithe gan éifeacht a dhíorthaítear do cheimiceáin ghuaiseacha faoin Rialachán sin a chur san áireamh.

---

1 ***Treoir 92/85/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh feabhsúcháin a chur ar aghaidh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibrithe toircheasacha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche (an deichiú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 348, an 28.11.1992, lch. 1).***

*2* ***Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srian ar Cheimiceáin (REACH) agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).***

(35) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, ar cuspóirí iad chun dálaí oibre a fheabhsú agus sláinte oibrithe a chosaint ar na rioscaí sonracha a eascraíonn as an nochtadh do charcanaiginí ***agus do shó-ghineacha***, a ghnóthú go leordhóthanach, agus, de bharr a fairsinge agus a héifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(36) Ó tharla gur le ***cosaint*** sláinte ***agus sábháilteacht*** oibrithe ar an láthair oibre a bhaineann an Treoir seo, ***ba cheart í a thrasuí lastigh de dhá bhliain ó dháta a teacht i bhfeidhm.***

(37) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2004/37/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

***(1) In Airteagal 6, cuirtear an mhír seo a leanas leis:***

***'Cuirfidh na Ballstáit san áireamh an fhaisnéis atá faoi phointe (a) go pointe (g) den chéad fhomhír den Airteagal seo sna tuarascálacha a chuireann siad faoi bhráid an Choimisiúin faoi Airteagal 17a de Threoir 89/391/CEE.'***

***(2) Leasaítear Airteagal 14 mar seo a leanas:***

***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:***

***'1. Bunóidh na Ballstáit, i gcomhréir le dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, socruithe maidir le faireachas iomchuí sláinte a dhéanamh ar oibrithe a nochtann torthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(2) riosca dá sláinte nó dá sábháilteacht. An dochtúir nó an t-údarás atá freagrach as faireachas sláinte a dhéanamh ar oibrithe, féadfaidh sé a chur in iúl go gcaithfear leanúint den fhaireachas sláinte i ndiaidh deireadh teacht leis an nochtadh, fad a mheasann siad gur gá sin chun sláinte an oibrí lena mbaineann a choimirciú.';***

***(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:***

***'8. Tabharfar fógra don údarás inniúil faoi gach cás ailse a shainaithnítear i gcomhréir le dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta gur as nochtadh ceirde ar charcanaigin nó ar shó-ghineach a eascraíonn sé.'***

***Sna tuarascálacha a chuireann siad faoi bhráid an Choimisiúin faoi Airteagal 17a de Threoir 89/391/CEE, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an fhaisnéis atá sa mhír seo.'.***

***(3) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:***

***'Airteagal 18a***
***Meastóireacht***

***Mar chuid den chéad mheastóireacht eile ar chur chun feidhme na Treorach seo i gcomhthéacs na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 17a de Threoir 89/391/CEE, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin ar an ngá atá leis an teorainnluach do dheannach silice criostalta inanálaithe a mhodhnú. Molfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, na leasuithe agus na modhnuithe is gá a bhaineann leis an tsubstaint sin.***

***Tráth nach déanaí ná sa chéad ráithe de 2019, déanfaidh an Coimisiún measúnú, agus na forbairtí is déanaí ar an eolas eolaíoch á gcur san áireamh aige, ar an rogha leasú a dhéanamh ar raon feidhme na Treorach seo chun substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a áireamh. Ar an mbonn sin, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, agus tar éis dul i gcomhairle leis an mbainistíocht agus leis an lucht saothair, togra reachtach a thíolacadh.'***

(4) In Iarscríbhinn I, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'6. Obair lena mbaineann nochtadh do dheannach silice criostalta inanálaithe a ghintear trí phróiseas oibre'.

(5) Déantar an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a chur in ionad Iarscríbhinn III.

Airteagal 2

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin… [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs fhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

IARSCRÍBHINN

Iarscríbhinn III: Teorainnluachanna agus forálacha eile atá ábhartha go díreach (Airteagal 16)

A. TEORAINNLUACHANNA UM NOCHTADH CEIRDE

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE ([1]) | Uimh. CAS ([2]) | Teorainnluachanna([3]) | | | Nodaireacht | ***Bearta idirthréimhseacha*** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | $mg/m^3$ ([4]) | csm ([5]) | f/ml([6]) | | |
| Deannaigh chrua-adhmaid | – | – | *-2* ([7])**,** | – | – | – | ***Teorainnluach de 3 mg/m3 go dtí*** <br> ***[5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]*** |

1 Uimhir CE, i.e. EINECS, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar atá sainmhínithe i roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

2 Uimh. CAS: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.

3 Arna dtomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha ocht n-uaire an chloig.

4 $mg/m^3$ = milleagram sa mhéadar ciúbach d'aer ag 20°C agus 101,3 kPa (760 mm de bhrú mearcair).

5 csm = codanna sa mhilliún de réir toirt aeir ($ml/m^3$).

6 f/ml = snáithíní sa mhillilítear.

7 Codán in-ion-análaithe: má mheasctar deannaigh chrua-adhmaid le deannaigh adhmaid eile, beidh feidhm ag an teorainnluach i dtaca le gach deannach adhmaid atá sa mheascán sin.

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE ([1]) | Uimh. CAS ([2]) | Teorainnluachanna([3]) | | | Nodaireacht | ***Bearta idirthréimhseacha*** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | mg/m$^3$ ([4]) | csm ([5]) | f/ml([6]) | | |
| Cumaisc de Chróimiam (VI) ar carcanaiginí iad de réir bhrí phointe (i) d'Airteagal 2 (a)<br><br>(mar chróimiam) | – | – | ***-0,005*** | – | – | – | ***Teorainnluach de 0,010 mg/m3 go dtí***<br><br>***[7 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]***<br><br>***Teorainnluach: 0.025 mg/m³ le haghaidh próisis táthúcháin nó próisis ghearrtha plasma nó próisis oibre atá cosúil leo sin agus a ghineann múch, agus sin go dtí ... [7 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]*** |
| Snáithíní ceirmeacha teasfhulangacha<br><br>ar | – | – | – | – | 0,3 | – | |

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE ([1]) | Uimh. CAS ([2]) | Teorainnluachanna([3]) | | | Nodaireacht | ***Bearta idirthréimhseacha*** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | mg/m³ ([4]) | csm ([5]) | f/ml([6]) | | |
| carcanaiginí iad de réir bhrí phointe (i) d'Airteagal 2 (a) | | | | | | | |
| Deannach silice criostalta inanálaithe | – | – | 0,1 ([8]) | – | – | – | |
| Beinséin | 200-753-7 | 71-43-2 | 3,25 | 1 | – | craiceann([9]) | |
| Monaiméir de chlóiríd vinile | 200-831-0 | 75-01-4 | 2,6 | 1 | – | – | |
| Ocsaíd eitiléine | 200-849-9 | 75-21-8 | 1,8 | 1 | – | craiceann([9]) | |
| 1,2-Eapocsapróp án | 200-879-2 | 75-56-9 | 2,4 | 1 | – | – | |
| Aicriolaimíd | 201-173-7 | 79-06-1 | 0,1 | – | – | craiceann( | |

8 Codán inanálaithe.
9 D'fhéadfaí go gcuirfí go suntasach le hualach iomlán an choirp de bharr nochtadh deirmeach.

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE ([1]) | Uimh. CAS ([2]) | Teorainnluachanna([3]) | | | Nodaireacht | ***Bearta idirthréimhseacha*** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | mg/m³ ([4]) | csm ([5]) | f/ml([6]) | | |
| | | | | | | [9]) | |
| 2-Nitreaprópán | 201-209-1 | 79-46-9 | 18 | 5 | – | – | |
| o-Tolúidín | 202-429-0 | 95-53-4 | 0,5 | 0,1 | – | ***craiceann*** ([9]) | |
| 1,3-Bútaidhé-éin | 203-450-8 | 106-99-0 | 2,2 | 1 | – | – | |
| Hiodraisín | 206-114-9 | 302-01-2 | 0,013 | 0,01 | – | craiceann([9]) | |
| Bróiméitiléin | 209-800-6 | 593-60-2 | 4,4 | 1 | – | – | |

B. FORÁLACHA EILE ATÁ ÁBHARTHA GO DÍREACH

p.m.